2024/2959

2.12.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2959 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Samhain 2024

lena n-ainmnítear saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh don tsláinte phoiblí um baictéir bhia-iompartha agus uisce-iompartha; maidir le heilmintí agus prótasóin bhia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha; agus maidir le víris bhia-iompartha agus uisce-iompartha

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2022/2371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Samhain 2022 maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte, agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 1082/2013/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Rialachán (AE) 2022/2371, is iad saotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh ('saotharlanna tagartha an Aontais') i réimse na sláinte poiblí nó le haghaidh réimsí sonracha den tsláinte phoiblí atá ábhartha le haghaidh chur chun feidhme an Rialacháin seo atá chun tacaíocht a sholáthar do shaotharlanna tagartha náisiúnta agus chun deachleachtas agus ailíniú ag na Ballstáit a chur chun cinn maidir le diagnóisic, modhanna tástála, agus tástálacha áirithe a úsáid le go ndéanfaidh na Ballstáit faireachas, fógra a thabhairt, agus tuairisciú a thabhairt ar bhealach aonfhoirmeach ar ghalair.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 15(4) de Rialachán (AE) 2022/2371, sheol an Coimisiún, i mí Aibreáin 2024 ([2]), glaonna ar iarratais ar ainmniú shaotharlanna tagartha an Aontais i dtrí réimse den tsláinte phoiblí, is é sin maidir le baictéir bhia-iompartha agus uisce-iompartha; maidir le heilmintí agus prótasóin bhia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha; agus maidir le víris bhia-iompartha agus uisce-iompartha.

(3) Mar fhreagairt ar na glaonna sin, chuir na Ballstáit iarratais ar ainmniú isteach faoin 14 Lúnasa 2024, agus rinne bord roghnúcháin arna bhunú ag seirbhísí an Choimisiúin meastóireacht orthu.

(4) Chuir an bord roghnúcháin san áireamh na riachtanais le haghaidh shaotharlanna tagartha an Aontais a shocraítear amach in Airteagal 15(5) de Rialachán (AE) 2022/2371 agus sna glaonna ar iarratais.

(5) Tar éis don nós imeachta roghnúcháin a bheith curtha i gcrích, ba cheart na saotharlanna rathúla a ainmniú mar shaotharlanna tagartha an Aontais Eorpaigh, agus ba cheart a bhfreagrachtaí agus a gcúraimí a shonrú.

(6) Chun úsáid a bhaint as an gcistiú a leithdháiltear i gclár oibre bliantúil 2024 EU4Health ([3]), ba cheart foráil a dhéanamh maidir le saotharlanna tagartha an Aontais a ainmniú i réimse na sláinte poiblí a luaithe is féidir.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste maidir le bagairtí tromchúiseacha trasteorann ar an tsláinte,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Ainmnítear an cuibhreannas dá dtagraítear in Iarscríbhinn I mar shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh don tsláinte phoiblí um baictéir bhia-iompartha agus uisce-iompartha go dtí an 22 Nollaig 2031.

2. Leagtar síos freagrachtaí agus cúraimí shaotharlann tagartha sin an Aontais Eorpaigh san Iarscríbhinn sin.

([1]) IO L 314, 6.12.2022, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2371/oj.
([2]) https://health.ec.europa.eu/consultations/eu-reference-laboratories-public-health-2024-calls-applications_ga.
([3]) https://health.ec.europa.eu/publications/2024-eu4health-work-programme_ga.

Airteagal 2

1. Ainmnítear an cuibhreannas dá dtagraítear in Iarscríbhinn II mar shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh um shláinte phoiblí maidir le heilmintí agus prótasóin bhia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha go dtí an 22 Nollaig 2031.

2. Leagtar síos freagrachtaí agus cúraimí shaotharlann tagartha sin an Aontais Eorpaigh san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 3

1. Ainmnítear an cuibhreannas dá dtagraítear in Iarscríbhinn III mar shaotharlann tagartha an Aontais Eorpaigh um shláinte phoiblí maidir le víris bhia-iompartha agus uisce-iompartha go dtí an 22 Nollaig 2031.

2. Leagtar síos freagrachtaí agus cúraimí shaotharlann tagartha sin an Aontais Eorpaigh san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Samhain 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Saotharlann tagartha an Aontais um Shláinte Phoiblí maidir le baictéir bhia-iompartha agus uisce-iompartha, na freagrachtaí agus cúraimí atá uirthi

1. An cuibhreannas atá ainmnithe mar shaotharlann tagartha an Aontais um shláinte phoiblí maidir le baictéir bhia-iompartha agus uisce-iompartha (dá ngairtear 'EURL' anseo feasta):

   Cuibhreannas faoi stiúir:

   Statens Serum Institut, Artillerivej 5, 2300 Kobenhavn S, AN DANMHAIRG;

   Agus comhdhéanta freisin de:

   Rijksinstituut voor Volksgezondheid en Milieu, Antonie van Leeuwenhoeklaan 9, 3721 MA, Bilthoven, AN ÍSILTÍR, ó mhí na Bealtaine 2025: Helsinkilaan 1, 3584 CB, Utrecht, AN ÍSILTÍR,

   Istituto Superiore di Sanità, Viale Regina Elena 299, 00161, Roma, AN IODÁIL.

2. Freagrachtaí agus cúraimí:

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do shaotharlanna tagartha náisiúnta agus cuirfidh sé dea-chleachtas agus cáilíocht chun cinn chun micribhitheolaíocht na sláinte poiblí a neartú i réimse na mbaictéar bia-iompartha agus uisce-iompartha.

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do na saotharlanna tagartha náisiúnta sin le haghaidh gníomhaíochtaí i ndáil leis na baictéir bhia-iompartha agus uisce-iompartha seo a leanas: *Salmonella* spp., *E. coli* (STEC) a tháirgeann tocsain shiga, *Listeria monocytogenes*, *Campylobacter* spp. agus *Shigella* spp.. Tagann *Vibrio* spp. agus *Yersinia* spp. (seachas *Y. pestis*) faoi raon feidhme an EURL freisin. I gcás ina mbeadh gá ar leibhéal an Aontais a bhaineann le baictéir bhia-iompartha agus uisce-iompartha eile atá ábhartha don tsláinte phoiblí, féadfar a iarraidh freisin ar an EURL ionchur agus comhairle a sholáthar maidir leis na baictéir sin.

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do chomhaltaí an Líonra Eorpaigh um Ghalair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus um Zónóisí de chuid an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú ([1]) (ECDC) maidir le gnéithe a bhaineann le diagnóisic, modhanna tástála, agus tástálacha áirithe a úsáid le go ndéanfar faireachas, fógra a thabhairt agus tuairisciú a thabhairt ar bhealach aonfhoirmeach ar ghalair.

   Chun na gníomhaíochtaí faoi phlean oibre an EURL a fhorbróidh an EURL agus a chomhaontóidh sé le ECDC a chur chun feidhme, déanfaidh an EURL comhordú ar na Pointí Fócasacha Náisiúnta (NFPanna) um Ghalair Bhia-iompartha agus Uisce-iompartha agus ar na Pointí Teagmhála Oibríochtúla (OCPanna) don Mhicribhitheolaíocht atá ábhartha don EURL.

   Arna iarraidh sin do ECDC, beidh an EURL rannpháirteach i líonraí agus i struchtúir ábhartha ECDC. Beidh an EURL rannpháirteach i líonra shaotharlanna tagartha an Aontais atá le hoibriú agus le comhordú ag ECDC i gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2022/2371.

   Áiritheoidh an EURL an méid seo a leanas:

   — líon leordhóthanach foirne cáilithe maidir le líon na gcúraimí atá le déanamh ag an EURL faoina raon feidhme ainmniúcháin;

   — oiliúint leordhóthanach a chur ar an bhfoireann chun cúraimí an EURL a chur i gcrích.

   Bunóidh an EURL a bheartas rúndachta, lena n-áirítear rialacha maidir le láimhseáil, stóráil agus próiseáil shlán iomchuí samplaí agus faisnéise, chomh maith le bearta chun nochtadh míchuí faisnéise rúnda a chosc.

([1]) https://www.ecdc.europa.eu/en/about-us/partnerships-and-networks/disease-and-laboratory-networks/fwd-net.

Is ar an EURL a bheidh na cúraimí seo a leanas:

(a) tástáil tagartha i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(b) ábhair tagartha fhisiceacha agus/nó dhigiteacha i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(c) measúnuithe cáilíochta seachtracha, amhail tástáil inniúlachta feinitíopacha nó géanómaíocha, i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(d) comhairle eolaíoch agus cúnamh teicniúil i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(e) páirt a ghlacadh i gcoistí saineolaithe, e.g. ECDC – Bord Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir le bainistiú agus comhroinnt sonraí tíopála aonraíoch ó dhaoine, ó bhia, ó bheatha, ó ainmhithe agus ón timpeallacht ghaolmhar chun comhairle shaineolach a chur ar fáil laistigh de réimse an EURL;

(f) comhairle eolaíoch agus cúnamh teicniúil i réimse an EURL a sholáthar do ECDC bunaithe ar thuairimí saineolaithe agus/nó suirbhéanna i measc chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(g) faisnéis, treoir agus tacaíocht a sholáthar do ECDC i gcásanna ráige i réimse an EURL, lena n-áirítear rannchuidithe a chur ar fáil do mheasúnuithe riosca an ECDC;

(h) cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar don Choimisiún maidir le réimse sonrach sláinte poiblí an EURL agus i gcomhar le ECDC;

(i) oiliúint a eagrú agus a sholáthar, amhail ceardlanna, seimineáir ghréasáin, cleachtaí ionsamhlúcháin, oiliúintí saotharlainne fliche agus/nó cleachtaí píolóta faireachais, i réimse an EURL, do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(j) comhordú, cumarsáid agus scaipeadh le comhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, agus le ECDC a áirithiú, lena n-áirítear pleananna oibre bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú;

(k) cruinnithe a eagrú do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(l) comhordú le saotharlanna tagartha eile de chuid an Aontais a áirithiú i réimse na sláinte poiblí agus/nó i réimsí eile amhail beatha, bia agus sláinte ainmhithe agus/nó feistí leighis *in vitro*, le Lárionaid Chomhoibritheacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) agus/nó le saotharlann tagartha EDS, nó le tionscnaimh ábhartha i réimse an EURL;

(m) comhoibriú, i gcomhar le ECDC, le EFSA agus/nó leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), de réir mar is ábhartha;

(n) comhoibriú, i gcomhar le ECDC, le saotharlanna i dtríú tíortha i gcomhthéacs idirnáisiúnta a théann chun tairbhe don tsláinte phoiblí ar leibhéal an Aontais, de réir mar is ábhartha;

(o) cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar maidir le saincheisteanna eile atá ábhartha do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL.

IARSCRÍBHINN II

Saotharlann tagartha an Aontais um Shláinte Phoiblí maidir le heilmintí agus prótasóin bhia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha, na freagrachtaí agus cúraimí atá uirthi

1. An cuibhreannas atá ainmnithe mar shaotharlann tagartha an Aontais um shláinte phoiblí maidir le heilmintí agus prótasóin bhia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha (dá ngairtear 'EURL' anseo feasta):

   Cuibhreannas faoi stiúir:

   Istituto Superiore di Sanità, Viale Regina Elena 299, 00161, Roma, AN IODÁIL.

   Agus comhdhéanta freisin de:

   Folkhälsomyndigheten, Nobels väg 18, SE-171 82 Solna, AN TSUALAINN

2. Freagrachtaí agus cúraimí:

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do shaotharlanna tagartha náisiúnta agus cuirfidh sé dea-chleachtas agus cáilíocht chun cinn chun micribhitheolaíocht na sláinte poiblí a neartú i réimse na heilmintí agus na bprótasón bia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha.

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do na saotharlanna tagartha náisiúnta sin le haghaidh gníomhaíochtaí i ndáil leis na heilmintí agus na prótasóin bhia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha seo a leanas: *Echinococcus* spp., *Toxoplasma gondii*, *Trichinella* spp., agus *Plasmodium* spp.. I gcás ina mbeadh gá ar leibhéal an Aontais a bhaineann le seadáin bhia-iompartha, uisce-iompartha agus veicteoir-iompartha eile atá ábhartha don tsláinte phoiblí (e.g. *Cryptosporidium* spp., *Giardia lamblia*, *Leishmania* spp., *Strongyloides stercoralis*, agus *Taenia solium*), féadfar a iarraidh ar an EURL ionchur agus comhairle a sholáthar maidir leis na heilmintí agus na prótasóin sin.

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do chomhaltaí an Líonra Eorpaigh um Ghalair atá ag Teacht Chun Cinn agus Galair Veicteoir-iompartha (EVD-Net) ([1]) atá mar chuid den Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus do chomhaltaí an Líonra Eorpaigh um Ghalair Bhia-iompartha agus Uisce-iompartha agus zónóisí (FWD-Net) ([2]) maidir le gnéithe a bhaineann le diagnóisic, modhanna tástála, agus tástálacha áirithe a úsáid le go ndéanfar faireachas, fógra a thabhairt agus tuairisciú a thabhairt ar bhealach aonfhoirmeach ar ghalair.

   Chun na gníomhaíochtaí faoi phlean oibre an EURL a fhorbróidh an EURL agus a chomhaontóidh sé le ECDC a chur chun feidhme, déanfaidh an EURL comhordú ar na Pointí Fócasacha Náisiúnta (NFPanna) um Ghalair Bhia-iompartha agus Uisce-iompartha agus um Ghalair atá ag Teacht Chun Cinn agus Galair Veicteoir-iompartha agus ar na Pointí Teagmhála Oibríochtúla (OCPanna) don Mhicribhitheolaíocht atá ábhartha don EURL a chomhordú.

   Arna iarraidh sin do ECDC, beidh an EURL rannpháirteach i líonraí agus i struchtúir ábhartha ECDC. Beidh an EURL rannpháirteach i líonra shaotharlanna tagartha an Aontais atá le hoibriú agus le comhordú ag ECDC i gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2022/2371.

   Áiritheoidh an EURL an méid seo a leanas:

   — líon leordhóthanach foirne cáilithe maidir le líon na gcúraimí atá le déanamh ag an EURL faoina raon feidhme ainmniúcháin;

   — oiliúint leordhóthanach a chur ar an bhfoireann chun cúraimí an EURL a chur i gcrích.

   Bunóidh an EURL a bheartas rúndachta, lena n-áirítear rialacha maidir le láimhseáil, stóráil agus próiseáil shlán iomchuí samplaí agus faisnéise, chomh maith le bearta chun nochtadh míchuí faisnéise rúnda a chosc.

([1]) https://www.ecdc.europa.eu/en/about-ecdc/what-we-do/partners-and-networks/disease-and-laboratory-networks/european-emerging-and.

([2]) https://www.ecdc.europa.eu/en/about-us/partnerships-and-networks/disease-and-laboratory-networks/fwd-net.

Is ar an EURL a bheidh na cúraimí seo a leanas:

(a) seirbhísí tagartha diagnóiseacha agus tréithrithe paitigine i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(b) ábhair tagartha i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(c) scéimeanna measúnaithe cáilíochta seachtracha maidir le diagnóisic agus tréithriú heilmintí agus prótasón roghnaithe i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(d) comhairle eolaíoch agus cúnamh teicniúil i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(e) páirt a ghlacadh i gcoistí saineolaithe, e.g. ECDC – Bord Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir le bainistiú agus comhroinnt sonraí tíopála aonraíoch ó dhaoine, ó bhia, ó bheatha, ó ainmhithe agus ón timpeallacht ghaolmhar chun comhairle shaineolach a chur ar fáil laistigh de réimse an EURL;

(f) comhairle eolaíoch agus cúnamh teicniúil i réimse an EURL a sholáthar do ECDC bunaithe ar thuairimí saineolaithe agus/nó suirbhéanna i measc chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(g) faisnéis, treoir agus tacaíocht a sholáthar do ECDC i gcásanna ráige i réimse an EURL, lena n-áirítear rannchuidithe a chur ar fáil do mheasúnuithe riosca an ECDC;

(h) cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar don Choimisiún maidir le réimse sonrach sláinte poiblí an EURL agus i gcomhar le ECDC;

(i) oiliúint, amhail ceardlanna, seimineáir ghréasáin agus oiliúintí saotharlainne fliche, i réimse an EURL a eagrú agus a sholáthar do chomhaltaí an líonra a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(j) comhordú, cumarsáid agus scaipeadh le comhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, agus le ECDC a áirithiú, lena n-áirítear pleananna oibre bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú;

(k) cruinnithe a eagrú do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(l) comhordú le saotharlanna tagartha eile de chuid an Aontais a áirithiú i réimse na sláinte poiblí agus/nó i réimsí eile amhail beatha, bia agus sláinte ainmhithe agus/nó feistí leighis *in vitro*, le Lárionaid Chomhoibritheacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) agus/nó le saotharlann tagartha EDS, nó le tionscnaimh ábhartha i réimse an EURL;

(m) comhoibriú, i gcomhar le ECDC, le EFSA agus/nó leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), de réir mar is ábhartha;

(n) comhoibriú, i gcomhar le ECDC, le saotharlanna i dtríú tíortha i gcomhthéacs idirnáisiúnta a théann chun tairbhe don tsláinte phoiblí ar leibhéal an Aontais, de réir mar is ábhartha;

(o) cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar maidir le saincheisteanna eile atá ábhartha do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL.

IARSCRÍBHINN III

Saotharlann tagartha an Aontais um Shláinte Phoiblí maidir le víris bhia-iompartha agus uisce-iompartha, na freagrachtaí agus cúraimí atá uirthi

1. An cuibhreannas atá ainmnithe mar shaotharlann tagartha an Aontais um shláinte phoiblí maidir le víris bhia-iompartha agus uisce-iompartha (dá ngairtear 'EURL' anseo feasta):

   Cuibhreannas faoi stiúir:

   Institiúid Sláinte Poiblí na hIorua (NIPH), Lovisenberggata 6, 0456 Osló, AN IORUA;

   Agus comhdhéanta freisin de:

   Rijksinstituut voor Volksgezondheid en Milieu, Antonie van Leeuwenhoeklaan 9, 3721 MA, Bilthoven, AN ÍSILTÍR, ó mhí na Bealtaine 2025: Helsinkilaan 1, 3584 CB, Utrecht, AN ÍSILTÍR,

   Ionad Leighis Ollscoil Regensburg, Franz-Josef-Strauss-Allee 11, D-93053 Regensburg, AN GHEARMÁIN.

2. Freagrachtaí agus cúraimí:

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do shaotharlanna tagartha náisiúnta agus cuirfidh sé dea-chleachtas agus cáilíocht chun cinn chun micribhitheolaíocht na sláinte poiblí a neartú i réimse na víreas bia-iompartha agus uisce-iompartha.

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do na saotharlanna tagartha náisiúnta sin le haghaidh gníomhaíochtaí i ndáil le víreas heipitíteas A. Tagann víreas heipitíteas E faoi raon feidhme an EURL freisin. I gcás ina mbeadh gá ar leibhéal an Aontais a bhaineann le víris bhia-iompartha agus uisce-iompartha eile atá ábhartha don tsláinte phoiblí, féadfar a iarraidh freisin ar an EURL ionchur agus comhairle a sholáthar maidir leis na víris sin.

   Tabharfaidh an EURL tacaíocht do chomhaltaí an Líonra Eorpaigh um Ghalair bhia-iompartha agus uisce-iompartha agus um Zónóisí de chuid an Lárionaid Eorpaigh um Ghalair a Chosc agus a Rialú ([1]) (ECDC) maidir le gnéithe a bhaineann le diagnóisic, modhanna tástála, agus tástálacha áirithe a úsáid le go ndéanfar faireachas, fógra a thabhairt agus tuairisciú a thabhairt ar bhealach aonfhoirmeach ar ghalair.

   Chun na gníomhaíochtaí faoi phlean oibre an EURL a fhorbróidh an EURL agus a chomhaontóidh sé le ECDC a chur chun feidhme, déanfaidh an EURL comhordú ar na Pointí Fócasacha Náisiúnta (NFPanna) um Ghalair Bhia-iompartha agus Uisce-iompartha agus na Pointí Teagmhála Oibríochtúla (OCPanna) don Mhicribhitheolaíocht atá ábhartha don EURL.

   Arna iarraidh sin do ECDC, beidh an EURL rannpháirteach i líonraí agus i struchtúir ábhartha ECDC. Beidh an EURL rannpháirteach i líonra shaotharlanna tagartha an Aontais atá le hoibriú agus le comhordú ag ECDC i gcomhréir le hAirteagal 15(3) de Rialachán (AE) 2022/2371.

   Áiritheoidh an EURL an méid seo a leanas:

   — líon leordhóthanach foirne cáilithe maidir le líon na gcúraimí atá le déanamh ag an EURL faoina raon feidhme ainmniúcháin;

   — oiliúint leordhóthanach a chur ar an bhfoireann chun cúraimí an EURL a chur i gcrích.

   Bunóidh an EURL a bheartas rúndachta, lena n-áirítear rialacha maidir le láimhseáil, stóráil agus próiseáil shlán iomchuí samplaí agus faisnéise, chomh maith le bearta chun nochtadh míchuí faisnéise rúnda a chosc.

([1]) https://www.ecdc.europa.eu/en/about-us/partnerships-and-networks/disease-and-laboratory-networks/fwd-net.

Is ar an EURL a bheidh na cúraimí seo a leanas:

(a) seirbhísí tagartha diagnóiseacha agus tréithrithe paitigine i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(b) scéimeanna measúnaithe cáilíochta seachtracha maidir le diagnóisic agus tréithriú víreas nó grúpaí víreas roghnaithe i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(c) comhairle eolaíoch agus cúnamh teicniúil i réimse an EURL a sholáthar do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, de réir na riachtanas arna sainiú ag an líonra/na líonraí;

(d) páirt a ghlacadh i gcoistí saineolaithe, e.g. ECDC – Bord Comhairleach an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia (EFSA) maidir le bainistiú agus comhroinnt sonraí tíopála aonraíoch ó dhaoine, ó bhia, ó bheatha, ó ainmhithe agus ón timpeallacht ghaolmhar chun comhairle shaineolach a chur ar fáil laistigh de réimse an EURL;

(e) comhairle eolaíoch agus cúnamh teicniúil i réimse an EURL a sholáthar do ECDC bunaithe ar thuairimí saineolaithe agus/nó suirbhéanna i measc chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(f) faisnéis, treoir agus tacaíocht a sholáthar do ECDC i gcásanna ráige i réimse an EURL, lena n-áirítear rannchuidithe a chur ar fáil do mheasúnuithe riosca an ECDC;

(g) cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar don Choimisiún maidir le réimse sonrach sláinte poiblí an EURL agus i gcomhar le ECDC;

(h) oiliúint a eagrú agus a sholáthar, amhail ceardlanna, seimineáir ghréasáin, cleachtaí ionsamhlúcháin, oiliúintí saotharlainne fliche agus/nó cleachtaí píolóta faireachais, i réimse an EURL, do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(i) comhordú, cumarsáid agus scaipeadh le comhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL, agus le ECDC a áirithiú, lena n-áirítear pleananna oibre bliantúla a fhorbairt agus a chomhaontú;

(j) cruinnithe a eagrú do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL;

(k) comhordú le saotharlanna tagartha eile de chuid an Aontais a áirithiú i réimse na sláinte poiblí agus/nó i réimsí eile amhail beatha, bia agus sláinte ainmhithe agus/nó feistí leighis *in vitro*, le Lárionaid Chomhoibritheacha na hEagraíochta Domhanda Sláinte (EDS) agus/nó le saotharlann tagartha EDS, nó le tionscnaimh ábhartha i réimse an EURL;

(l) comhoibriú, i gcomhar le ECDC, le EFSA agus/nó leis an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA), de réir mar is ábhartha;

(m) comhoibriú, i gcomhar le ECDC, le saotharlanna i dtríú tíortha i gcomhthéacs idirnáisiúnta a théann chun tairbhe don tsláinte phoiblí ar leibhéal an Aontais, de réir mar is ábhartha;

(n) cúnamh eolaíoch agus teicniúil a sholáthar maidir le saincheisteanna eile atá ábhartha do chomhaltaí an líonra/na líonraí a fhaigheann tacaíocht ón EURL.